



An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15607/23

ATO 61
CONOP 115

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	12893/23 + ADD 1
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) - Glacadh

1. Bunaíodh Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) de bhun Chomhaontú an 9 Márta 1995 idir Rialtas Phoblacht na Cóiré, Rialtas na Seapáine agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá. An 19 Meán Fómhair 1997, chuaigh an tAontas Eorpach (AE) isteach in KEDO agus ionadaíocht aige ar Bhord Feidhmiúcháin KEDO.
2. Chuaigh an t-ochtú Comhaontú a tugadh i gcrích idir an Comhphobal agus KEDO in éag an 31 Bealtaine 2021 agus rinneadh é a athnuachan go huathoibríoch gach bliain. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Chomhaontaithe. Ba cheart go mbeadh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí an 31 Bealtaine 2024.
3. An 12 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún Eorpach Moladh maidir le Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, bunaithe ar Airteagal 101 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

4. Leis an gcinneadh uaithi, formheasfaidh an Chomhairle go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích Comhaontú lena n-áirithítear infheidhmeacht an Chomhaontaithe a bhí ann roimhe seo idir Euratom agus KEDO go cúlghabhálach ón 31 Bealtaine 2021 agus ba cheart go mbeidh an comhaontú sin i bhfeidhm go dtí an 31 Bealtaine 2024.
5. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn a tionóladh idir an 6 agus an 13 Samhain 2023, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha ar chomhaontú maidir le téacs an Chinnidh seo mar a leagtar amach in 14391/1/23 REV 1 + 14391/23 ADD 1 é.
6. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coreper iarraidh ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:
 - an téacs mar a leagtar amach in 15529/23 + ADD 1 é a ghlacadh mar mhír 'A'.